

I mBróga Frodo sa Nua-Shéalainn

le Cathal Ó Conaire

D'fhágamar Aerfoirt na Gaillimhe ar an triú lá de mhí Iúil ag leath uair tar éis a cúig san iarnóin agus dhá lá ina dhiadh sin shroich muid ceann scríbe – Aukland - an dara cathair is mó ar an Oileán Thuaidh den Nua-Shéalainn. Cé go rabhamar tuirseach traochta thugamar ár n-aghaidhe ar pháirc Eden an trathnóna sin, áit a raibh an bua ag na Leoin ar an bhfoireann baile agus gan tada le spáráil acu. Bhí na comharthaí le feiceáil ón gcluiche sin nach mbeadh seans acu i gcoinne na *All Blacks* an Sathairn beag sin.



Cathal ag cadhcáil

Síos trí lar na tíre linn go dtí baile beag darbh ainm Rotrua, áit a raibh an-spraoi againn ag carraeireacht síos le fana, nó “lugin” mar a thugtar air, ach fágadh boladh bréan ar ár gcuid éadaigh toisc na folcadáin te puitigh a bhí san áit. Ó dheas go Wellington linn ansin, tar éis raftáil i bpluaiseanna Waitomo agus lán a súl a bhaint as loch Taupo agus Huka Falls.

Ina dhiaidh sin, chuamar trasna Caolas Cook ar bhád farantóireachta go dtí an tOileán Theas agus comh fad le Picton. Chaitheamar lá ag spaisteoireacht i bpáirc náisiúnta Abel Tasman, ar an taobh ó thuaidh de Nelson agus lean muid ar aghaidh ansin go dtí Westport. Cé nach bhfaca muid aon chóisir ‘Stag’ ann, agus cé gur oscail an t-aer ar feadh trí lá, rinneamar scairdbhádóireacht, nó Jet-boating, agus Quad-biking ann. Ar an mbealach ó dheas bhí an Mhuir Tasman ar thaobh amháin agus na hAlpa ar thaobh eile dhúinn lena radharcanna álainne agus a dtírdhreach dhraíochtúil.

Tar éis seachtain a chaitheamh i Queenstown, ag sciáil, ag dreapadóireacht leac oighre i Fox Glacier, ag cadhcáil ar Loch Malourika, ag spéirthumadh (12,000 troigh) os cionn Loch Wanaka agus ar thuras báid amach go Milford Sound an caoláire is cáiliúla ar domhan b’fhéidir, theastaigh uainn ár scíth a ligean i nDunedin, baile na scoláirí.

Ar deireadh chríochnaigh mé an eachtra iontach seo le buaicphointe an turais, ag snamh le deilfeanna agus míolta móra i Kakeira. Ach ansin, d’fhág mé slán ag an tír aislingeach seo ar chaith Frodo agus a cairde



An Fox Glacier sa Nua-Shéalainn

roinnt mhaith blianta ag cuartú an Precious, agus gheall mé dhom fhéin go mbeinn ar ais arís lá breá éigin. Agus mar fhocail scoir, caithfidh mé a rá go raibh fáilte Uí Cheallaigh ag muintir na Nua-Shéalainne uilig romhainn i ngach áit sa tír a ndeachamar.



Cathal agus a chairde ag dreapadóireacht sa Nua-Shéalainn.

Ciorcal Léitheoirí

Tá Ciorcal Léitheoirí bunaithe ag Glór na nGael, Paróiste an Chnoic, tríd an gCumann Forbartha. Is é príomhchuspóir an Chiorcail, léitheoireacht na Gaeilge a fhorbairt sa cheantar agus cuirfear míle fáilte roimh dhaoine ar mhian leo triail a bhaint as.

Tagann an Ciorcal le chéile sa Seanscoil uair sa mhí, roghnaíonn siad leabhar agus, nuair a thagann siad le chéile an chéad mhí eile, tugann gach duine ar mian leis nó léi, a thuairimí faoin leabhar, an pléisiúr nó a mhalairt a bhain sé/sí as, tuairimí faoin scéal, charachtair, na buanna, an neart nó an laige a bhain leis, samplaí a léimh, an stíl, srl.

Ócáid shóisialta thaitneamhach a bhíonn sa teacht le chéile sin agus má tá suim agat ann nó tuilleadh eolais ag teastáil uait faoin scéal téigh i dteagmháil le Brian Ó Baoill, Rúnaí, Cumann Forbartha Chois Fharraige, An Teach Mór, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.